Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7609/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0078(NLE)**

**ANTIDISCRIM 27**
**COCON 15**
**COHOM 45**
**COPEN 71**
**DROIPEN 31**
**EDUC 82**
**FREMP 70**
**JAI 396**
**MIGR 115**
**SOC 181**
**STATIS 13**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 152 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa i ndáil le síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 152 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 152 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.3.2025
COM(2025) 152 final

2025/0078 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa i ndáil le síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement***

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcruinniú de Choiste Airí Chomhairle na hEorpa an 23 Aibreán 2025, i ndáil le cinneadh atá beartaithe a ghlacadh lena ndeonaítear síneadh don Túinéis maidir leis an téarma le haghaidh aontachas do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl' nó 'Coinbhinsiún'), go dtí an 23 Aibreán 2027

### 1.1. Coinbhinsiún Iostanbúl

Le Coinbhinsiún Iostanbúl bunaítear sraith rialacha chuimsitheach agus chomhchuibhithe chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac san Eoraip agus níos faide i gcéin. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2014.

Shínigh an tAontas Eorpach an Coinbhinsiún i mí an Mheithimh 2017, agus thug sé i gcrích an nós imeachta aontachais an 28 Meitheamh 2023, lenar tionscnaíodh teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin don Aontas Eorpach an 1 Deireadh Fómhair 2023. D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoina inniúlacht eisiach, is é sin ábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais[1] agus ábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus *non-refoulement*[2]. A mhéid a bhaineann le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach, níl Éire ná an Danmhairg faoi cheangal ag feidhmiú inniúlacht an Aontais[3]. Tá 39 bPáirtí sa Choinbhinsiún faoi láthair, an tAontas agus 22 Bhallstát san áireamh[4].

### 1.2. Coiste Airí Chomhairle na hEorpa

Is é Coiste na nAirí comhlacht cinnteoireachta Chomhairle na hEorpa. Tá Coiste na nAirí comhdhéanta d'Airí Gnóthaí Eachtracha 46 Bhallstát Chomhairle na hEorpa agus a mBuanionadaithe in Strasbourg ag gníomhú dóibh mar Theachtaí. Tugtar tuairisc ar ról agus ar fheidhmeanna Choiste na nAirí i gCaibidil IV de Reacht Chomhairle na hEorpa ('an Reacht')[5]. De bhun Airteagal 14 den Reacht, beidh gach comhalta de Chomhairle na hEorpa i dteideal ionadaí amháin ar Choiste na nAirí, agus beidh gach ionadaí i dteideal vóta amháin. Tá Ballstáit uile an Aontais ina gcomhaltaí de Chomhairle na hEorpa agus, dá bhrí sin, tá ionadaíocht acu ar Choiste na nAirí. Tagann Coiste na nAirí le chéile ar leibhéal na n-airí uair sa bhliain agus ar leibhéal na dteachtaí gach seachtain.

---

1 Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, IO L 143 I, 2.6.2023, lgh. 1–3.

2 Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus *non-refoulement*, IO L 143 I, 2.6.2023, lgh 4–6.

3 I gcomhréir le Prótacail Uimh. 21 agus Uimh. 22 atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

4 Stádas na ndaingnithe an 25.3.2025: AT (2013); BE (2016); CY (2017); DE (2017); DK (2014); IE (2019); EL (2018); ES (2014); EE (2017) FI (2015); FR (2014); HR (2018); IT (2013); LU (2018); MT (2014); NL (2015); PL (2015); PT (2013); RO (2016); SI (2015); SV (2014), LV (2024).

5 Reacht Chomhairle na hEorpa (ETS Uimh. 001), Liosta iomlán – Oifig na gConarthaí.

### 1.3. An cinneadh atá beartaithe ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa

Foráiltear le hAirteagal 75(1) de Choinbhinsiún Iostanbúl go bhfuil an Coinbhinsiún ar oscailt do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa, do na Stáit nach Ballstáit de Chomhairle na hEorpa iad a ghlac páirt ina fhorbairt agus don Aontas le haontú dó. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 76(1) go bhfuil an Coinbhinsiún ar oscailt do Stáit nach Ballstáit iad nár ghlac páirt ina fhorbairt le haontú dó, ar choinníoll gur iarr Coiste na nAirí go foirmiúil orthu aontú dó. I ndáil leis sin, féadfaidh Coiste na nAirí, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe i gCoinbhinsiún Iostanbúl agus tar éis a dtoiliú d'aon toil a fháil, a iarraidh ar aon Stát nach Ballstát de Chomhairle na hEorpa é aontú don Choinbhinsiún trí chinneadh arna ghlacadh ag an tromlach dá bhforáiltear in Airteagal 20.d den Reacht (tromlach dhá thrian de Choiste na nAirí) agus trí vóta d'aon toil ionadaithe na bPáirtithe sa Choinbhinsiún atá i dteideal suí ar Choiste na nAirí[6].

An 22 Aibreán 2020, chinn Coiste na nAirí cuireadh a thabhairt don Túinéis aontú do Choinbhinsiún Iostanbúl. I gcomhréir leis an gcinneadh, tá an cuireadh sin bailí ar feadh 5 bliana ó dháta a ghlactha, i.e., go dtí an 23 Aibreán 2025.

Le litir dar dáta an 20 Feabhra 2025, d'iarr an Túinéis síneadh ar a téarma le haghaidh aontachas don Choinbhinsiún go dtí an 23 Aibreán 2027, chun go mbeidh sí in ann a próisis inmheánacha a thabhairt chun críche. Cuireadh Ballstáit Chomhairle na hEorpa agus Páirtithe i gCoinbhinsiún Iostanbúl ar an eolas le litir dar dáta an 3 Márta 2025 maidir leis an iarraidh agus go bhfuil gá le cinneadh nua ó Choiste na nAirí ina leith. Tá coinne leis go ndéanfaidh an Grúpa Rapóirtéir um Chomhar Dlíthiúil (GR-J) de chuid Choiste na nAirí scrúdú ar an iarraidh ag an gcruinniú a bheidh aige an 17 Aibreán 2025, agus tá coinne leis go nglacfaidh Coiste na nAirí cinneadh ina dhiaidh sin chun síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Coinbhinsiún Iostanbúl go dtí an 23 Aibreán 2027, mar a iarradh ('an cinneadh atá beartaithe').

## 2. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Moltar gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinniú Choiste na nAirí an 23 Aibreán 2025, tacú le síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Iostanbúl go dtí an 23 Aibreán 2027 chun an t-am is gá a thabhairt don Túinéis chun a próisis inmheánacha a thabhairt chun críche. Rachadh aontachas na Túinéise chun tairbhe don Aontas ós rud é go leathnófaí leis caighdeáin uaillmhianacha an Choinbhinsiúin chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac chuig an tír sin.

## 3. BUNÚS DLÍ

### 3.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *3.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht

[6] Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin nós imeachta maidir le haontachas Stát nach Ballstáit de Chomhairle na hEorpa iad agus nár ghlac páirt i bhforbairt an Choinbhinsiúin, féach: [*CETS 210 – Council of Europe Convention on preventing and combating violence against women and domestic violence - Modalities for accession.*]

arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú, nó nach bhfuil[7].

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis an gcoincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha de chineál eagraíochtúil a imríonn tionchar ar an gcaoi a ndéantar cinntí laistigh den chomhlacht, mar shampla má ghlacann comhlacht a bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta aige tír nua mar chomhalta.

*3.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Coiste na nAirí a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Reacht. An cinneadh síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Iostanbúl, a iarrtar ar Choiste na nAirí a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Is ionann an síneadh leis an spriocdháta chun aontú don Choinbhinsiún agus 'athnuachan' ar an gcuireadh go dtí an 23 Aibreán 2027, rud a rachadh in éag an 23 Aibreán 2025 murach sin. Má chuirtear síneadh leis an spriocdháta, agus má aontaíonn an Túinéis don Choinbhinsiún laistigh den tréimhse ama, bunófar caidreamh conartha idir an tAontas agus an Túinéis faoi chuimsiú Choinbhinsiún Iostanbúl. D'fhéadfadh éifeachtaí dlíthiúla a bheith ag an gcinneadh a dhéanann Coiste na nAirí ar an Aontas freisin toisc go mbeadh tionchar ag aontachas na Túinéise ar an gcaoi a ndéantar cinntí laistigh de Choiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Iostanbúl. Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

## 3.2. Bunús dlí substainteach

*3.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí aige an tráth céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna ann, atá i ndlúthnasc do-scartha le chéile gan aon cheann acu a bheith teagmhasach maidir leis an gceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí éagsúla a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

[7] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

*3.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

A mhéid a bhaineann leis an mbunús dlí substainteach, d'aontaigh an tAontas do Choinbhinsiún Iostanbúl a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoina inniúlacht eisiach, is é sin maidir le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais[8] agus maidir le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement*[9]. Roinneadh aontachas an Aontais do Choinbhinsiún Iostanbúl ina dhá chinneadh ar leith ón gComhairle chun seasamh speisialta na Danmhairge agus na hÉireann a chur san áireamh maidir le Teideal V CFAE. Dá bhrí sin, tá an cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste na nAirí le roinnt ina dhá chinneadh chomhthreomhar, ós rud é go mbunófaí an caidreamh Conartha leis an Túinéis le haghaidh gach gné den Choinbhinsiún. An bunús dlí le haghaidh an chinnidh seo, baineann sé le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement*. Dá bhrí sin, is iad na forálacha seo a leanas an bunús dlí substainteach le haghaidh an chinnidh atá beartaithe: Airteagal 78(2), Airteagal 82(2) agus Airteagal 84 CFAE.

## 3.3. Conclúid

Is iad Airteagal 78(2), Airteagal 82(2) agus Airteagal 84, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, ba cheart a bheith ina mbunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

---

8 Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riaracháin poiblí an Aontais (IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1075/oj).

9 Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus *non-refoulement* (IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1076/oj).

2025/0078 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa i ndáil le síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement*

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2), Airteagal 82(2) agus Airteagal 84, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas Eorpach Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (‘Coinbhinsiún Iostanbúl’ nó ‘an Coinbhinsiún’) i gcrích le Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle[10], a mhéid a bhaineann le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, agus le Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle[11], i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus *non-refoulement*, agus tháinig sé i bhfeidhm i leith an Aontais an 1 Deireadh Fómhair 2023. Tá 39 bPáirtí sa Choinbhinsiún faoi láthair, an tAontas agus 22 Bhallstát san áireamh.

(2) Is é Coiste Airí Chomhairle na hEorpa (‘Coiste na nAirí’) comhlacht cinnteoireachta Chomhairle na hEorpa. Tá sé comhdhéanta d’Airí Gnóthaí Eachtracha 46 Bhallstát Chomhairle na hEorpa agus a mBuanionadaithe in Strasbourg ag gníomhú dóibh mar Theachtaí. Tugtar tuairisc ar ról agus ar fheidhmeanna Choiste na nAirí i gCaibidil IV de Reacht Chomhairle na hEorpa[12]. De bhun Airteagal 14 den Reacht, beidh gach comhalta de Chomhairle na hEorpa i dteideal ionadaí amháin ar Choiste na nAirí, agus beidh gach ionadaí i dteideal vóta amháin. Tá Ballstáit uile an Aontais ina gcomhaltaí de Chomhairle na hEorpa agus, dá bhrí sin, tá ionadaíocht acu ar Choiste na nAirí.

(3) De bhun Airteagal 76(1) de Choinbhinsiún Iostanbúl, féadfaidh Coiste Airí Chomhairle na hEorpa, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe i gCoinbhinsiún Iostanbúl agus toiliú d’aon toil a fháil uathu, a iarraidh ar Bhallstát nach bhfuil i gComhairle na hEorpa aontú do Choinbhinsiún Iostanbúl. Chun cinneadh den sórt sin

---

10 Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais (IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1075/oj).

11 Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus *non-refoulement* (IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1076/oj).

12 Reacht Chomhairle na hEorpa (ETS Uimh. 001), Liosta iomlán – Oifig na gConarthaí.

a dhéanamh, is gá an tromlach dá bhforáiltear in Airteagal 20.d den Reacht (tromlach dhá thrian de Choiste na nAirí) agus vóta d'aon toil ionadaithe na bPáirtithe sa Choinbhinsiún atá i dteideal suí ar Choiste na nAirí.

(4) An 22 Aibreán 2020, chinn Coiste na nAirí cuireadh a thabhairt don Túinéis aontú do Choinbhinsiún Iostanbúl. I gcomhréir leis an gcinneadh, bhí an cuireadh bailí ar feadh 5 bliana ó dháta a ghlactha, i.e., go dtí an 23 Aibreán 2025.

(5) Le litir dar dáta an 20 Feabhra 2025, d'iarr an Túinéis síneadh ar an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Iostanbúl go dtí an 23 Aibreán 2027, chun go mbeidh sí in ann a próisis inmheánacha a thabhairt chun críche.

(6) Táthar ag súil go nglacfaidh Coiste na nAirí, ag an gcruinniú a bheidh aige an 23 Aibreán 2025, cinneadh maidir le síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Iostanbúl go dtí an 23 Aibreán 2027.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste na nAirí a leagan síos, ós rud é go bhféadfadh éifeachtaí dlíthiúla a bheith ag síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Iostanbúl ar an Aontas. Leis an síneadh sin, déantar athnuachan ar an iarraidh ar an Túinéis aontú don Choinbhinsiún agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh bunú caidrimh chonarthaigh idir an tAontas agus an Túinéis a bheith i gceist leis faoi chuimsiú Choinbhinsiún Iostanbúl. Féadfaidh an cinneadh tionchar a imirt freisin ar an gcaoi a ndéantar cinntí laistigh de Choiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Iostanbúl.

(8) Rachadh aontachas na Túinéise chun tairbhe don Aontas ós rud é go leathnófaí leis caighdeáin uaillmhianacha an Choinbhinsiúin chuig an tír sin. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais 2 bhliain eile a thabhairt don Túinéis chun a nósanna imeachta inmheánacha a thabhairt chun críche.

(9) Ós rud é nach comhalta de Chomhairle na hEorpa é an tAontas ach gur comhaltaí iad na Ballstáit uile, tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

(10) Níl Éire faoi cheangal ag Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle agus, dá bhrí sin, níl sí rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(11) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinniú Choiste Airí Chomhairle na hEorpa an 23 Aibreán 2025, tacú le síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Iostanbúl go dtí an 23 Aibreán 2027.

*Airteagal 2*

Na Ballstáit sin den Aontas is comhaltaí de Choiste Airí Chomhairle na hEorpa, cuirfidh siad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*